Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Deireadh Fómhair 2024**
**(OR. en)**

**7620/16**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0092 (NLE)**

**WTO 83**
**SERVICES 8**
**COLAC 22**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Phrótacail maidir le hAontachas leis an gComhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim agus Peiriú, den pháirt eile, chun Aontachas Eacuadór a chur san áireamh |

**CINNEADH (AE) 2016/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais,
an Phrótacail maidir le hAontachas leis an gComhaontú Trádála
idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt,
agus an Cholóim agus Peiriú, den pháirt eile,
chun Aontachas Eacuadór a chur san áireamh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91, Airteagal 100(2) agus an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le pointe (a) den dara fomhír d'Airteagal 218(6) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do thoiliú Pharlaimint na hEorpa,[1]

---

1 IO C …

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 19 Eanáir 2009, d'údaraigh an Chomhairle údarás an Coimisiún comhaontú trádála ilpháirtí a chaibidil thar ceann an Aontais agus a Bhallstát le Balltíortha Chomhphobal na nAindéas, agus é mar aidhm choiteann leis an méid sin comhaontú trádála uaillmhianach, cuimsitheach agus cothromaithe a bhaint amach.

(2) An 26 Meitheamh 2012, shínigh an tAontas an Comhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim agus Peiriú, den pháirt eile[1] ('an Comhaontú'). Cuireadh an comhaontú i bhfeidhm go sealadach ón 1 Márta 2013 i gcás Pheiriú agus ón 1 Lúnasa 2013 i leith i gcás na Colóime.

(3) Le hAirteagal 329 den Chomhaontú, leagtar síos na forálacha maidir le haontachas Balltíortha eile de Chomhphobal na nAindéas leis an gComhaontú.

(4) An 17 Iúil 2014, thug an tAontas agus Eacuadór an chaibidlíocht i gcrích i ndáil leis an Prótacal Aontachais leis an gComhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim agus Peiriú, den pháirt eile, chun Aontachas Eacuadór a chur san áireamh ('an Prótacal').

(5) Rinne an Coiste um Thrádáil, a bunaíodh de bhun an Chomhaontaithe, téacs an Phrótacail a fhormheas ag an gcruinniú a bhí aige an 8 Feabhra 2016, mar a cheanglaítear le hAirteagal 329(4) den Chomhaontú.

1 IO L 354, 21.12.2012, lch. 3.

(6) De bhun Chinneadh (AE) 2016/…[1+] ón gComhairle, síníodh an Prótacal an … [*dáta sínithe an Phrótacail (7621/2016 INIT + ADD 1-13)*], faoi réir a thabhairt i gcrích dáta is faide anonn. Tá an Prótacal á chur i bhfeidhm go sealadach ón … [*dáta chur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail*], go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

(7) Ba cheart an Prótacal a fhormheas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] Cinneadh (AE) 2016/… ón gComhairle an … maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail Aontachais leis an gComhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim agus Peiriú, den pháirt eile, chun Aontachas Eacuadór a chur san áireamh (IO L …, …, lch. …).

[+] IO: Cuir isteach le do thoil sraithuimhir 7619/2016 agus comhlánaigh an fonóta tagartha a ghabhann leis.

*Airteagal 1*

Leis seo, déantar an Prótacal Aontachais leis an gComhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim agus Peiriú, den pháirt eile, a fhormheas, thar ceann an Aontais, chun Aontachas Eacuadór a chur san áireamh[1].[+]

*Airteagal 2*

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 27(2) den Phrótacal[2].

*Airteagal 3*

Ní fhorléireofar aon ní sa Phrótacal mar ní lena dtugtar cearta nó lena bhforchuirtear oibleagáidí is féidir a agairt go díreach os comhair chúirteanna nó bhinsí an Aontais Eorpaigh nó na mBallstát.

---

[1] Foilsíodh an Prótacal in IO L …, …, lch. …, in éineacht leis an gcinneadh maidir le síniú.

[+] IO: Comhlánaigh, le do thoil, tagairt IO an Phrótacail (7621/2016 INIT + ADD 1-13) san fhonóta.

[2] Déanfaidh Ardrúnaíocht na Comhairle an dáta a thiocfaidh an Prótacal i bhfeidhm a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ..., an …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*